## CEARTÚCHÁIN

### Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/581 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 110 an 8 Aibreán 2022)*

Ar leathanach 13, san Iarscríbhinn, sa tábla dar teideal “Daoine”, in iontráil 916:

*in ionad:*

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| “916. | Soadat NARZIEVA<br>(Соадат НАРЗИЕВА) | Áit bhreithe: Uzbekistan<br>Duine aonair comhlachaithe: Alisher Usmanov (deartháir)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: Baineann | Is í Alisher Usmanov deirfiúr Soadat Narzieva, olagarc atá ar son na Creimile agus ag a bhfuil dlúthnaisc le hUachtarán na Rúise, Vladimir Putin agus a liostaítear faoi Chinneadh 2014/145/CBES. D’aistrigh Alisher Usmanov sócmhainní nach beag chuig a dheirfiúr Soadat Narzieva, lena n-áirítear íocaíocht amháin nó bronntanas amháin dar luach USD 3 mhilliún. Bhí 27 gcuntas bainc Eilvéiseach aici freisin, ina bhfuil na céadta milliún dollar, cuntais ar féidir a nascadh lena deartháir Alisher Usmanov. Tá nasc aici freisin le 6 chuideachta easchósta ar féidir a cuid gníomhaíochtaí a nascadh le Alisher Usmanov, duine a thug thug tacaíocht ábhartha nó airgeadais go gníomhach do chinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus thacaigh sé go gníomhach le beartais rialtas na Rúise maidir le díchobhsú na hÚcráine. | 8.4.2022” |

*léitear:*

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| “916. | Saodat NARZIEVA<br>(Саодат НАРЗИЕВА) | Áit bhreithe: Uzbekistan<br>Duine aonair comhlachaithe: Alisher Usmanov (deartháir)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: Baineann | Is í Alisher Usmanov deirfiúr Saodat Narzieva, olagarc atá ar son na Creimile agus ag a bhfuil dlúthnaisc le hUachtarán na Rúise, Vladimir Putin agus a liostaítear faoi Chinneadh 2014/145/CBES. D’aistrigh Alisher Usmanov sócmhainní nach beag chuig a dheirfiúr Saodat Narzieva, lena n-áirítear íocaíocht amháin nó bronntanas amháin dar luach USD 3 mhilliún. Bhí 27 gcuntas bainc Eilvéiseach aici freisin, ina bhfuil na céadta milliún dollar, cuntais ar féidir a nascadh lena deartháir Alisher Usmanov. Tá nasc aici freisin le 6 chuideachta easchósta ar féidir a cuid gníomhaíochtaí a nascadh le Usmanov, agus dá bhrí sin tá Saodat Narzieva bainteach le Alisher Usmanov, duine a thug tacaíocht ábhartha nó airgeadais go gníomhach do chinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus thacaigh sé go gníomhach le beartais rialtas na Rúise maidir le díchobhsú na hÚcráine. | 8.4.2022” |